Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2018

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2018***

# *Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide Gnáthleibhéal*



# *Scéim Mharcála agus Freagraí Samplacha*

**(Tá glacadh le freagraí eile atá ceart agus déantar iad a mharcáil dá réir sin)**

## CEIST A-1

**MARCANNA**

**(a) Éilips *(10)***

(i) Úsáid mar is cuí as na mór-aiseanna agus na mion-aiseanna a thugtar .......... **1**

(ii) Tógálacha riachtanacha le haghaidh pointí eile .......... **2**

(iii) Pointí riachtanacha eile a aimsiú .......... **4**

(iv) An cuar a chríochnú .......... **3**

**(b) Pointí fócais *(5)***

(v) Pointí fócais riachtanacha a aimsiú .......... **5**

**(c) An dara stua *(3)***

(vi) An lárphointe a aimsiú .......... **2**

(vii) Tarraing an chuid eile den dara stua .......... **1**

(viii) ***Cur i láthair* ..........2**

***Iomlán = 20***

## CEIST A-2

**MARCANNA**

**(a) Sorcóir (*11)***

(i) Teilgean ón lár san ingearchló .......... **3**

(ii) An lár a aimsiú sa bhonnchló .......... **4**

(iii) Tarraing bonnchló den sorcóir ...(lena n-áirítear na sonraí folaithe)... **4**

**(b) Leathsféar sa bhonnchló *(7)***

(iv) Na tógálacha san ingearchló .......... **1**

(v) Teilgin leis an mbonnchló .......... **2**

(vi) An lár a aimsiú sa bhonnchló .......... **2**

(vii) Tarraing leathsféar sa bhonnchló ... (lena n-áirítear na sonraí folaithe) .......... **2**

(viii) ***Cur i láthair* ..........2**

***Iomlán = 20***

## CEIST A-3

**MARCANNA**

**Peirspictíocht den Droichead *(18)***

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Línte a ghathú chuig na pointí téaltaithe cearta ................................ | 2 |
| (ii) | Teilgin ón mbonnchló ........................................................................ | 2 |
| (iii) | An chos dheas den túr a chríochnú .................................................. | 8 |
| (iv) | An chos chlé den túr a chríochnú ..................................................... | 2 |
| (v) | An pheirspictíocht a chríochnú .......................................................... | 4 |
| (vi) | ***Cur i láthair*** ...................................................................................... | **2** |

***Iomlán = 20***

## CEIST A-4

**MARCANNA**

**(a) Taobhchló *(15)***

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Teilgin ón mbonnchló ........................................................................ | 8 |
| (ii) | Pointí sainithe sa taobhchló ............................................................... | 3 |
| (iii) | An taobh infheicthe a chríochnú ........................................................ | 2 |
| (iv) | An taobhchló a chríochnú....(lena n-áirítear sonraí folaithe)............... | 2 |

**(b) An fíorchruth *(3)***

| | | |
|---|---|---|
| (v) | Fad ceart an imill a thabhairt ............................................................ | 1 |
| (vi) | Uillinn chearta a úsáid ...................................................................... | 1 |
| (vii) | An fíorchruth riachtanach a tharraingt ............................................... | 1 |
| (viii) | ***Cur i láthair*** ...................................................................................... | **2** |

***Iomlán = 20***

# CEIST B-1

**MARCANNA**

**(a) Ingearchló *(18)***

(i) Balla an tí a tharraingt ....................................................................**8**

(ii) Imlíne den bháfhuinneog ....................................................................**5**

(iii) An bháfhuinneog a chríochnú ....................................................................**5**

**(b) Bonnchló *(10)***

(iv) Bonnchló den bhalla ....................................................................**5**

(v) Imlíne den bháfhuinneog ....................................................................**3**

(vi) An bonnchló a chríochnú ....................................................................**2**

**(c) Ingearchló cúnta *(13)***

(vii) $X_1Y_1$ comhthreomhar le bonnchló dhromchla A ....................................................................**1**

(viii) Teilgin ón mbonnchló ....................................................................**1**

(ix) Airdí a aistriú ón ingearchló ....................................................................**3**

(x) Dromchla A a tharraingt ....................................................................**2**

(xi) An t-ingearchló cúnta a chríochnú ....................................................................**6**

(xii) ***Cur i láthair* ....................................................................  4**

***Iomlán = 45***

# CEIST B-2

**MARCANNA**

**(a) Bonnchló agus Ingearchló *(33)***

(i) Bonnchló den philéar a tharraingt mar atá tugtha ............................**6**

(ii) Bonnchló den chéim a tharraingt mar atá tugtha ..............................**5**

(iii) An t-ingearchló den philéar a tharraingt mar atá tugtha ....................**4**

(iv) An t-ingearchló den chéim a tharraingt mar atá tugtha......................**4**

***Idirthreá ar Thaobh na Láimhe Clé (TLC)***

(v) Teilgean ó thaobh na láimhe clé den bhonnchló ...............................**2**

(vi) Pointí ar thaobh na láimhe clé ar an ingearchló a aimsiú ...................**2**

(vii) TLC den ingearchló a chríochnú .......................................................**3**

***Idirthreá ar Thaobh na Láimhe Deise (TLD)***

(viii) Teilgin ó thaobh na láimhe deise den bhonnchló ..............................**2**

(ix) Pointí ar TLD den ingearchló a aimsiú ...............................................**2**

(x) Taobh na láimhe deise den ingearchló a chríochnú ..........................**3**

**(b) Taobhchló (8)**

(xi) Luachanna leithid a aistriú ón mbonnchló..........................................**2**

(xii) Teilgean luachanna airde ón ingearchló ............................................**2**

(xiii) Taobhchló an philéir ...........................................................................**2**

(xiv) Taobhchló a chríochnú .......................................................................**2**

(xv) ***Cur i láthair* ......................................................................... 4**

***Iomlán = 45***

# CEIST B-3

**MARCANNA**

**(a) Bunú tosaigh *(5)***

(i) An triantán comhshleasach a tharraingt ........................................**3**

(ii) Na haiseanna X, Y agus Z a tharraingt ........................................**2**

**(b) Ingearchló agus Bonnchló *(10)***

(iii) Teilgin chun an t-ingearchló a bhunú ........................................**2**

(iv) Leathchiorcal san ingearchló ........................................**1**

(v) An t-ingearchló a tharraingt sa suíomh ceart ........................................**2**

(vi) Teilgin chun an bonnchló a bhunú........................................**2**

(vii) Leathchiorcal sa bhonnchló (nó línte 45º) ........................................**1**

(viii) An bonnchló a tharraingt sa suíomh ceart ........................................**2**

**(c) Teilgean Aismhéadrach den chabhail *(10)***

(ix) Teilgin ón ingearchló ........................................**2**

(x) Teilgin ón mbonnchló ........................................**2**

(xi) Teilgean aismhéadrach an dromchla cheartingearaigh ar dheis a tharraingt ........................................**2**

(xii) Teilgean aismhéadrach na haghaidhe tosaigh a tharraingt ................**2**

(xiii) Teilgean aismhéadrach de na dromchlaí bairr a tharraingt................**2**

**(d) Teilgean Aismhéadrach aghaidh cloig chiorclaigh *(16)***

(xiv) Rannáin ar an gciorcal san ingearchló ........................................**5**

(xv) Rannáin chomhfhreagracha sa bhonnchló ........................................**5**

(xvi) Teilgin ón gciorcal san ingearchló........................................**2**

(xvii) Teilgin ón gciorcal san bonnchló ........................................**2**

(xviii) Teilgean aismhéadrach den aghaidh chiorclach a tharraingt .............**2**

(xix) ***Cur i láthair* ........................................ 4**

***Iomlán = 45***

# CEIST C-1

**MARCANNA**

**(a) Próifíl *(19)***

(i) Luachanna airde a thomhas agus línte cothrománacha a tharraingt ........................................ **6**

(ii) Teilgin ó phointí trasnúcháin idir an líne AB agus comhrianta ........... **5**

(iii) Imlíne den phróifíl a tharraingt ........................................ **8**

**(b) Piolón Ceartingearach *(4)***

(iv) Tadhlaí a tharraingt ó B go próifíl ........................................ **2**

(v) Piolón a tharraingt agus an íosairde a thaispeáint .............................. **2**

**(c) Oibreacha talún don bhóthar *(18)***

(vi) Línte comhthreomhara 5m óna chéile i gcomhair gearrthacha .......... **3**

(vii) Pointí ar na cuair ghearrtha a shonrú ........................................ **3**

(viii) Cuair ghearrtha a tharraingt ........................................ **4**

(ix) Línte comhthreomhara 10m óna chéile i gcomhair claífoirt ............... **3**

(x) Pointí ar chuar an chlaífoirt a shonrú ........................................ **3**

(xi) Cuar an chlaífoirt a tharraingt ........................................ **2**

(xii) ***Cur i láthair* ........................................ 4**

***Iomlán = 45***

# CEIST C-2

**MARCANNA**

**(a) Ingearchló *(16)***

(i) Bonn an struchtúir a tharraingt ....................................................**3**

(ii) An píosa seasaimh taobh istigh a tharraingt ......................................**3**

(iii) Taobh na láimhe deise a dheighilt i gcomhair parabóile ....................**4**

(iv) Cuar thaobh na láimhe deise a tharraingt .........................................**2**

(v) Pointí ar thaobh na láimhe clé a aimsiú i gcomhair parabóile ............**2**

(vi) Cuar a tharraingt ar an taobh clé .....................................................**2**

**(b) Taobhchló *(11)***

(vii) Bonn an struchtúir a tharraingt .......................................................**3**

(viii) An píosa den díon a tharraingt .......................................................**3**

(ix) Tógáil chun uillinn 90$^{o}$ a aimsiú .......................................................**2**

(x) An taobhchló a chríochnú ...............................................................**3**

**(c) Bonnchló an struchtúir *(14)***

(xi) Teilgin ón ingearchló ......................................................................**2**

(xii) Teilgin ón taobhchló ......................................................................**2**

(xiii) Cuid den bhonn dronuilleogach a tharraingt......................................**2**

(xiv) Na pointí is faide uait den phíosa cuartha a aimsiú ............................**2**

(xv) Na pointí eile ar an bpíosa cuartha a aimsiú.......................................**2**

(xvi) An cuar a tharraingt.......................................................................**2**

(xvii) An bonnchló a chríochnú ...............................................................**2**

(xviii) ***Cur i láthair* ......................................................................... 4**

***Iomlán = 45***

# CEIST C-3

**MARCANNA**

**(a) Ingearchló agus Bonnchló *(24)***

(i) Línte díreacha a tharraingt san ingearchló .......................................**10**

(ii) Lár a aimsiú agus stua a tharraingt **......**(1,2) .....................................**3**

(iii) An bonnchló imlíneach a tharraingt .................................................**7**

(iv) An bonnchló a chríochnú ...................................................................**4**

**(b) Taobhchló *(8)***

(v) An imlíne a tharraingt.......................................................................**4**

(vi) An taobhchló a chríochnú..................................................................**4**

**(c) Forbairt Dromchla *(9)***

(vii) Forbairt dromchla a leagan amach go cuí ..........................................**1**

(viii) Forbairt an dromchla íochtair............................................................**2**

(ix) Forbairt na ndromchlaí tosaigh agus cúil...........................................**2**

(x) Forbairt dhá dhromchla chlaonta ghearra..........................................**1**

(xi) Forbairt dhá dhromchla chlaonta fhada.............................................**1**

(xii) Roinnt stua .......................................................................................**1**

(xiii) Forbairt an dromchla chuair .............................................................**1**

(xiv) ***Cur i láthair* ........................................................................ 4**

***Iomlán = 45***

# CEIST C-4

**MARCANNA**

**(a) Héilics *(21)***

(i) Ciorcal a tharraingt sa bhonnchló ................................................**3**

(ii) Ingearchló imlíne a tharraingt ....................................................**2**

(iii) Roinnt bonnchló ........................................................................**3**

(iv) Na rannáin chothrománacha san ingearchló a tharraingt .............**3**

(v) Teilgin ón mbonnchló den héilics a chríochnú ..............................**2**

(vi) Pointí san ingearchló a aimsiú ....................................................**5**

(vii) Héilics san ingearchló a tharraingt ...............................................**3**

**(b) Léaráid díláithriúcháin *(20)***

(viii) Roinnt 360$^o$ (luachanna leithid ar an léaráid díláithriúcháin.) ........**2**

(ix) Airde 70mm a úsáid i gceart..........................................................**2**

(x) Ionad an leantóra ag 0$^o$, 120$^o$, 180$^o$ agus 360$^o$ a bhunú.................**2**

(xi) 0$^o$ go 120$^o$, Treoluas Aonfhoirmeach ............................................**3**

(xii) 120$^o$ go 180$^o$, Fosadh ..................................................................**2**

(xiii) 180$^o$, titim ingearach 22mm .........................................................**2**

(xiv) 180$^o$ go 360$^o$, Luasghéarú agus Moilliú Aonfhoirmeach (UAR).......**4**

(xv) Léaráid díláithriúcháin (cuar saorláimhe) a chríochnú .................**3**

(xvi) ***Cur i láthair*****.............................................................................. 4**

***Iomlán = 45***

# CEIST C-5

**MARCANNA**

***Cóimeáil (11)***

(i) Ionad na bpáirteanna i gcomhréir lena chéile ..................................**8**

(ii) An Cló Gearrtha a úsáid ..................................................................**3**

***Príomhchabhail (9)***

(iii) Imlíne..........................................................................................**5**

(iv) Poill.............................................................................................**2**

(v) Taobh-shliotáin..............................................................................**2**

***Cón sróine (6)***

(vi) An chuid uachtair ........................................................................**4**

(vii) Spiogóid .....................................................................................**2**

***Ceartaitheoir (4)***

(viii) An chuid íochtair .......................................................................**2**

(ix) Spiogóid ......................................................................................**2**

***Sciatháin (8)***

(x) Imlínte de na sciatháin ..................................................................**6**

(xi) Cónascairí ...................................................................................**2**

***Críochnú na Líníochta (3)***

(xii) Haitseáil agus Lárlínte …(2,1)........................................................**3**

(xiii) ***Cur i láthair* ........................................................................... 4**

***Iomlán = 45***

# ROINN A – Croíréimsí Staidéir – Freagair trí cinn ar bith de na ceisteanna ar an mbileog A3 seo.

**A-1.** Taispeánann an ghrafaic 3D thíos an dearadh atá beartaithe d'ospidéal nua na leanaí i mBaile Átha Cliath. Is é atá ann ná éilips agus dhá stua chiorclacha inmheánacha.


Taispeánann an líníocht ar dheis an mórchiorcal agus an mionchiorcal don éilips. Taispeántar freisin cuid den éilips agus de na stuanna inmheánacha.

**(a)** Aimsigh na pointí eile ar an éilips agus tarraing an cuar.

**(b)** Aimsigh pointí fócais an éilips.

**(c)** Aimsigh lárphointe an stua íochtaraigh agus críochnaigh an líníocht.








**A-3.** Taispeánann an íomhá thíos *Droichead Ghleann na Bóinne Mháire Mhic Giolla Íosa*, droichead crochta trasna Abhainn na Bóinne i gContae na Mí.

Taispeánann an líníocht ar dheis bonnchló agus cló peirspictíochta páirtchríochnaithe de thúr coincréite an droichid.

Críochnaigh an líníocht pheirspictíochta de thúr an droichid.







**A-2.** Taispeántar trí shoitheach cloiche chun bláthanna a fhás iontu sa ghrafaic 3D thíos. Tá na soithí i bhfoirm earraí céimseatúla atá i dteagmháil le chéile.

Taispeánann an líníocht ar dheis ingearchló agus bonnchló páirtchríochnaithe de na hearraí.

Is é atá sa leagan amach ná sorcóir, cón barrscoite agus leathsféar.

**(a)** Tarraing bonnchló shorcóir **B**.

**(b)** Tarraing bonnchló leathsféar **C**.








**A-4.** Taispeánann an íomhá thíos consairtín. Tá an uirlis heicseagánach ina trasghearradh.

Taispeántar freisin bonnchló, ingearchló agus taobhchló páirtchríochnaithe den uirlis.


**(a)** Críochnaigh an taobhchló.

**(b)** Tarraing fíorchruth fhoirceann na huirlise.








**Ní mór an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe – Ní mór do Scrúduimhir a chur ar an gclúdach tosaigh.**




| | | |
|---|---|---|
| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Gnáthleibhéal | | |
| | Scéim Mharcála | |
| | Ceist B-1 | |
| | Scála: n/a | Meith. 2018 |






| | |
|---|---|
| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Gnáthleibhéal | |
| | Scéim Mharcála |
| | Ceist B-2 |
| | Scála: n/a — Meith. 2018 |





| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Gnáthleibhéal | | |
|---|---|---|
| | Scéim Mharcála | |
| | Ceist B-3 | |
| | Scála: n/a | Meith. 2018 |


| | |
|---|---|
| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Gnáthleibhéal | |
| Scéim Mharcála | |
| Ceist C-1 | |
| Scála: n/a | Meith. 2018 |









| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Gnáthleibhéal | |
|---|---|
| Scéim Mharcála | |
| Ceist C-2 | |
| Scála: n/a | Meith. 2018 |







| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Gnáthleibhéal | |
|---|---|
| | Scéim Mharcála |
| | Ceist C-3 |
| Scála: n/a | Meith. 2018 |




| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Gnáthleibhéal | |
|---|---|
| | Scéim Mharcála |
| | Ceist C-4 |
| Scála: n/a | Meith. 2018 |



| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Gnáthleibhéal | | |
|---|---|---|
| | Scéim Mharcála | |
| | Ceist C-5 | |
| | Scála: n/a | Meith. 2018 |

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide
# Tasc an Dalta - Gnáthleibhéal
# Bileog Mheasúnachta 2018

| Scrúduimhir an Iarrthóra |
|---|
| |

| Aschur | Critéir Mharcála | | Marc |
|---|---|---|---|
| 1 | **Taighde Dearaidh** - Príomhghnéithe dearaidh a fhiosrú trí bhuntaighde & taighde tánaisteach a úsáid; Grafaicí iomchuí a roghnú; Leagan amach éifeachtach & cur i láthair éifeachtach na faisnéise, le híomhánna, sceitsí & nótaí | | |
| | a) Breithniú déanta ar réimse leathan de na critéir ábhartha go léir – cur i láthair den scoth | **13 - 15** | |
| | b) Breithniú déanta ar an gcuid is mó de na critéir ábhartha – cur i láthair an-mhaith | **10 - 12** | |
| | c) Breithniú déanta ar roinnt de na critéir ábhartha – cur i láthair maith | **7 - 9** | |
| | d) Breithniú déanta ar bheagán de na critéir – cur i láthair réasúnta | **4 - 6** | |
| | e) Breithniú déanta ar chritéar amháin ar a laghad – cur i láthair lag | **0 - 3** | |
| 2 | **Comparáid idir Ghnéithe Dearaidh -** Dhá íomhá oiriúnacha a roghnú; Príomhthosaí a chur isteach; Comparáid idir na príomhghnéithe dearaidh; Codarsnacht idir na príomhghnéithe dearaidh; Leagan amach éifeachtach agus cur i láthair éifeachtach na faisnéise, le híomhánna, sceitsí & nótaí | | |
| | a) Breithniú déanta ar réimse leathan de na critéir ábhartha go léir – cur i láthair den scoth | **13 - 15** | |
| | b) Breithniú déanta ar an gcuid is mó de na critéir ábhartha – cur i láthair an-mhaith | **10 - 12** | |
| | c) Breithniú déanta ar roinnt de na critéir ábhartha – cur i láthair maith | **7 - 9** | |
| | d) Breithniú déanta ar bheagán critéar – cur i láthair réasúnta | **4 - 6** | |
| | e) Breithniú déanta ar chritéar amháin ar a laghad – cur i láthair lag | **0 - 3** | |
| 3 | **Léiriúchán Grafaice Saorláimhe –** Comhréir; Foirm/Toirt; Úsáid Toin/Líne le haghaidh rindreáil éifeachtach; Cur i láthair mionsonraithe ar phríomhghnéithe an dearaidh, líníocht 3D ar chaighdeán 'presentation' san áireamh; Leagan amach agus cur i láthair | | |
| | a) Breithniú déanta ar réimse leathan de na critéir ábhartha go léir – cur i láthair den scoth | **17 - 20** | |
| | b) Breithniú déanta ar an gcuid is mó de na critéir ábhartha – cur i láthair an-mhaith | **13 - 16** | |
| | c) Breithniú déanta ar roinnt de na critéir ábhartha – cur i láthair maith | **9 - 12** | |
| | d) Breithniú déanta ar bheagán critéar – cur i láthair réasúnta | **5 - 8** | |
| | e) Breithniú déanta ar chritéar amháin ar a laghad – cur i láthair lag | **0 - 4** | |
| 4 | **Páirteanna SolidWorks, Cóimeáil, Líníocht agus comhaid eDrawings** | | |
| | • **Cloí leis an struchtúr comhdúcháin riachtanach** | 4 | |
| | • **Ar a laghad 3 chomhad de na páirteanna a chruthú** | 6 | |
| | • **Samhlacha Páirteanna** – Inniúlacht in CAD Paraiméadrach; An phróifíl is oiriúnaí a roghnú; Sceitsí a shainléiriú go hiomlán; Gnéithe a ath-ainmniú; Easbhrú (*Extrude*) den chineál ceart a úsáid | 12 | |
| | • **Cóimeáil** – Timpeallacht na cóimeála a chruthú; Cruinneas na bpáirteanna d'fhonn an chóimeáil cheart a éascú; Na páirteanna a chur le chéile mar ba cheart; cuma oiriúnach a thabhairt i gcrích | 6 | |
| | • **Fachtóir Deacrachta** | 3 | |
| | • **eDrawing den tsamhail CAD** | 2 | |
| 5 | **Aschuir chruachóipe as SolidWorks -** Clónna mionsonraithe ortagrafacha den Chóimeáil; Cló pictiúrtha rindreáilte den Chóimeáil; Cló scartha den tsamhail CAD; Na príomhthosaí a chur isteach; Scála, leagan amach agus cur i láthair | | |
| | a) Breithniú déanta ar réimse leathan de na critéir ábhartha go léir – cur i láthair den scoth | **17 - 20** | |
| | b) Breithniú déanta ar an gcuid is mó de na critéir ábhartha – cur i láthair an-mhaith | **13 - 16** | |
| | c) Breithniú déanta ar roinnt de na critéir ábhartha – cur i láthair maith | **9 - 12** | |
| | d) Breithniú déanta ar bheagán critéar – cur i láthair réasúnta | **5 - 8** | |
| | e) Breithniú déanta ar chritéar amháin ar a laghad – cur i láthair lag | **0 - 4** | |
| 6 | **Léiriú Fótairéalaíoch** | | |
| | Íomhánna fótairéalaíocha den déantán, arna cheapadh ar ríomhaire, a chur ar fáil | 7 | |
| 7 | **Fiosrú grafaice ar réitigh dhearaidh -** Fiosrú ar théama/réiteach/réitigh; Réiteach/réitigh a roghnaíodh a chosaint; Íomhánna/grafaicí iomchuí a úsáid; Leagan amach éifeachtach agus cur i láthair éifeachtach ar an bhfaisnéis, le híomhánna, sceitsí & nótaí | | |
| | a) Breithniú déanta ar réimse leathan de na critéir ábhartha go léir – cur i láthair den scoth | **17 - 20** | |
| | b) Breithniú déanta ar an gcuid is mó de na critéir ábhartha – cur i láthair an-mhaith | **13 - 16** | |
| | c) Breithniú déanta ar roinnt de na critéir ábhartha – cur i láthair maith | **9 - 12** | |
| | d) Breithniú déanta ar bheagán critéar – cur i láthair réasúnta | **5 - 8** | |
| | e) Breithniú déanta ar chritéar amháin ar a laghad – cur i láthair lag | **0 - 4** | |
| 8 | **Mionathrú/Coincheap Dearaidh a Chur i Láthair –** Comhréir; Foirm/Toirt; Úsáid Toin/Líne ar mhaithe le rindreáil éifeachtach; Cur i láthair mionsonraithe ar ghnéithe de mhionathrú nó de choincheap an dearaidh; Leagan amach agus cur i láthair | | |
| | a) Breithniú déanta ar réimse leathan de na critéir ábhartha go léir – cur i láthair den scoth | **9 - 10** | |
| | b) Breithniú déanta ar an gcuid is mó de na critéir ábhartha – cur i láthair an-mhaith | **7 - 8** | |
| | c) Breithniú déanta ar roinnt de na critéir ábhartha – cur i láthair maith | **5 - 6** | |
| | d) Breithniú déanta ar bheagán critéar – cur i láthair réasúnta | **3 - 4** | |
| | e) Breithniú déanta ar chritéar amháin ar a laghad – cur i láthair lag | **0 - 2** | |
| 9 | **Aschuir chruachóipe as SolidWorks –** Samhail CAD; Clónna mionsonraithe ortagrafacha den réiteach atá á chur chun cinn; Cló pictiúrtha rindreáilte den tsamhail CAD; Na príomhthosaí a chur isteach; Scála, leagan amach agus cur i láthair | | |
| | • **Scileanna CAD a chur in úsáid** | 5 | |
| | a) Breithniú déanta ar réimse leathan de na critéir ábhartha go léir – cur i láthair den scoth | **13 - 15** | |
| | b) Breithniú déanta ar an gcuid is mó de na critéir ábhartha – cur i láthair an-mhaith | **10 - 12** | |
| | c) Breithniú déanta ar roinnt de na critéir ábhartha – cur i láthair maith | **7 - 9** | |
| | d) Breithniú déanta ar bheagán critéar – cur i láthair réasúnta | **4 - 6** | |
| | e) Breithniú déanta ar chritéar amháin ar a laghad – cur i láthair lag | **0 - 3** | |
| **Fo-iomlán** | **Déantar marcanna a dhealú i gcás líon leathanach is mó ná mar a cheadaítear** | **Iomlán** | |